

Corpoideachas trí Ghaeilge

Coimeád súil ar an liathróid.



| Ábhar | Teanga Riachtanach | Teanga Chomhlántach |
|--|---|--|
| <p>Téamh Suas: Déan ceann amháin as an liosta seo -</p> <p>Téamh Suas: 1 - Grúpaí</p> <p>Téamh Suas: 2 - Déan Aithris Orm</p> <p>Téamh Suas: 3 - Caith Chugham É</p> <p>Téamh Suas: 4 - Rís agus Rósta</p> | | <p><i>An bhfuil cead agam _____ a fháil / deoch uisce a ól / mo gheansaí a bhaint díom?</i></p> <p><i>An bhfuil cead agam bheith mar chaptaen / cheannaire?</i></p> |
| <p>Forbairt: Déan ceann amháin as an liosta seo -</p> <p>Cluiche 1: Ardaigh an Liathróid agus Déan Ruathar Aonair isteach sa bhFáinne</p> <p>Cluiche 2: An Liathróid sa bhFáinne</p> <p>Cluiche 3: Cúl, Ciorcal, Baile</p> | | <p><i>Cá raibh / bhfuil an sliotar / an liathróid / an bib?</i> <i>Bhí / Tá sé ar an gcathaoir / ar an mbord / sa chófra / ag an bhfuinneog.</i></p> <p><i>Cé a bhaileoidh na sliotair / na liathróidí / na bibeanna?</i></p> |
| <p>Téamh Síos: 1 - An Tiománaí nó</p> <p>Téamh Síos 2: - Uimhreacha & Litreacha agus</p> | <p><i>An mbeidh tusa liomsa?</i> <i>Is mise... Is tusa ...</i> <i>X, ar mhaith leat a bheith liomsa?</i> <i>Níl aon pháirtneír agam.</i></p> | <p><i>Cén fáth nach bhfuil clogad / cóta / geansaí ort?</i> <i>Cén fáth nach bhfuil tú ag imirt?</i> <i>Cén fáth go raibh / go bhfuil tú ag gol?</i></p> |

Corpoideachas trí Ghaeilge

Coimeád súil ar an liathróid.



Téamh Síos 3: - Beirt le chéile ***

Bíonn ar gach duine páirtneir a fháil.

Duine amháin isea A. An duine eile isea B.

A – is sibhse a bheidh ag tosú.

Roghnóidh A gníomhaíocht m.sh. ag rith / ag léim / ag scipeáil. Tosóidh A ag rith go tapa. Beidh ar B

é/í a leanúint. Beidh A agus B ag comhaireamh droim ar ais (10, 9, 8, 7,.....) fad is atá A ag rith agus beidh sé ag éirí níos moille le gach uimhir.

Faoin am a shroichfidh siad náid (0) beidh A stopaithe.

Ansin beidh seans ag B – ag scipeáil nó ag léim nó ag dornálaíocht, (ag éirí níos moille idir 10 – 0)

*** ábhar nua

An bhfuil cead agam dul le __ agus __?

Beidh mise ar dtús. Is mise A.

a deich, a naoi, a hocht, a seacht, a sé, a cúig, a ceathair, a trí, a dó, a haon, a náid.

nó

deich, naoi, ocht, seacht, sé, cúig, ceathair, trí, dó, aon, náid.

(gach duine ag comhaireamh droim ar ais os ard)

Caitfidh tú dul níos moille anois.

Tá tú ró-thapa fós.

Tá tú ag dul níos tapúla.

Bhí tú go hiontach!

Corpoideachas trí Ghaeilge

Coimeád súil ar an liathróid.



| | | |
|--|--|--|
| <p>Prionta sa Timpeallacht</p> <p>Ceisteanna</p> | <p>Cé atá ag caint / ag caoineadh / ag pleidhcíocht / ag caimiléireacht?</p> <p>Cé atá i seomra na gcótaí / sa seomra folctha / sa chlós / sa seomra ranga?</p> <p>Cé atá i bhfeighil na liathróidí / na gcamán?</p> <p>Cé leis é seo? Cé leis an buidéal / camán / sliotar / bib seo? Is liomsa é. Is le ____ é.</p> <p>Ar thosaigh sibh ag imirt fós?</p> <p>Ar thaitin an cluiche sin leat / libh?</p> <p>Thaitin sé go mór liom / Níor thaitin sé liom.</p> <p>An raibh spórt agat / agaibh?</p> <p>Cuir sa chófra iad. Seo duit na heochracha. Cuir glas ar an gcófra.</p> <p>Ní féidir liom iad a fháil. Tá an cófra faoi ghlas.</p> | <p><i>Cá ndeachaigh tú?</i></p> <p><i>Cá bhfuair tú na bibeanna?</i></p> <p><i>Cá gcrochann tusa do chóta?</i></p> <p><i>Cá mbíonn sibhse ag súgradh?</i></p> <p><i>Cár chuir tú na liathróidí?</i></p> <p><i>Cathain a bheidh an cluiche ar siúl?</i></p> <p><i>Cathain a chríochnóidh sibh é?</i></p> <p><i>Cén t-am é?</i></p> <p><i>Cén t-am a bheidh tú ag imeacht?</i></p> <p><i>Cén t-am a bheidh an cluiche ag tosú / ar siúl?</i></p> <p><i>Ar bhuaigh tú / Ar ghortaigh tú / Ar chroch tú / Ar chuir tú / Ar bhuail tú?</i></p> <p><i>An bhfuair tú scór / An ndeachaigh tú / An bhfaca tú / An bhfaca tú?</i></p> |
|--|--|--|

Corpoideachas trí Ghaeilge

Coimeád súil ar an liathróid.



Corpoideachas trí Ghaeilge

Coimeád súil ar an liathróid.

